

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS
GHAELGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE
EARRACH 2018**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA TÉACS
NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo, tá siad curtha in oiriúint ó gíotaí a foilsíodh in [http://www.tuairisc.ie.](http://www.tuairisc.ie;); [http://www.antoireachtas.ie](http://www.antoireachtas.ie;); [http://www.cogg.ie](http://www.cogg.ie;); [http://www.peig.ie](http://www.peig.ie;); <http://www.donegalairport.ie>

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2018.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan) Áine:

Fógra anseo ó Oireachtas na Gaeilge. Ba mhaith linn cainteoirí Gaeilge a spreagadh chun páirt a ghlacadh i siúlóidí ina gceantar dúchais agus Gaeilge a labhairt le linn na siúlóidí sin.

Bíonn trí shiúlóid is seachtó ar siúl gach Satharn ar a leathuair tar éis a naoi i bpáirceanna áitiúla éagsúla ar fud na tíre. Is imeachtaí saor in aisce iad agus, de ghnáth, bíonn cupán tae agus dreas cainte ag na rannpháirtithe le chéile tar éis na siúlóidí.

Tá bandaí rosta á gcur ar fáil ag Oireachtas na Gaeilge do na siúlóidí agus má chaitheann rannpháirtí banda, aithneoidh daoine eile go bhfuil Gaeilge ag an duine sin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na siúlóidí agus faoi na bandaí rosta ach ríomhphost agus sonraí teagmhála a chur chuig Majella Ní Chríocháin, Oifigeach Imeachtaí, ag majella@oireachtas.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó C.O.G.G., is é sin an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá an áis *Taisce Tuisceana* ar fáil le híoslódáil anois ón suíomh idirlín www.cogg.ie.

Is áis léamhthuisceana í *Taisce Tuisceana* atá oiriúnach go háirithe do mhúinteoirí in earnáil an oideachais Lán-Ghaeilge. Cabhróidh an áis le múinteoirí forbairt a dhéanamh ar chumas léamhthuisceana na bpáistí agus cabhróidh sí leo cur le stór focal na bpáistí.

I measc na dtéacsanna atá san áis, tá dánta, scéalta, ríomhphoist, dialanna agus tuairiscí. Tabharfaidh *Taisce Tuisceana* deis do mhúinteoirí ábhar faoi Anne Frank, faoi Pháirc an Chrócaigh agus faoi Chríostóir Columbas a chlúdach lena gcuid ranganna.

Is féidir tuilleadh eolais faoi *Taisce Tuisceana* a fháil trí ghlaó a chur ar an Oifigeach Tionscadail ag (01) 6340831 nó trí ríomhphost a chur chuig eolas@cogg.ie.

[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Chonradh na Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile. Ba mhaith le Conradh na Gaeilge sibh a chur ar an eolas maidir leis na himeachtaí Gaeilge a bheidh á reáchtáil againn do “Bhliain na Gaeilge, Dhá Mhíle agus a hOcht Déag”.

Tá sé d’aidhm ag “Bliain na Gaeilge” athbheochan na teanga a cheiliúradh agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Ní bheidh sé indéanta na haidhmeanna sin a bhaint amach gan tacaíocht ó mhúinteoirí ar fud na tíre.

Tá cur síos ar na himeachtaí ar fad atá pleanáilte againn ar an am-líne atá ar shuíomh idirlín Chonradh na Gaeilge agus beidh fáilte roimh do scoil páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin. Tá eolas breise, acmhainní ranga agus míreanna ceoil ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig JuliandeSpáinn@CnaG.ie.

[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I (Canúint na Mumhan)

- Nollaig: Dia duit, a Shíle. Conas atá cúrsaí leatsa?
(Tomás)
- Síle: Táim go han-mhaith, a Nollaig. Tharla rud an-deas dom aréir. Fan go gcloise tú! Tháinig mo dheartháir, Seosamh, abhaile agus dhá thicéad ina ghlac aige do cheolchoirm Ed Sheeran.
- Nollaig: Ní chreidim thú! An ticéid iad don cheolchoirm a bheidh ar siúl i bPáirc Uí Chaoimh?
- Síle: Is ea - an cheolchoirm a bheidh ar siúl ar an gceathrú lá de Bhealtaine.
- Nollaig: Nach méanar duit! Ba bhreá liom ticéad a fháil don cheolchoirm sin.
- Síle: Bhuel! Tá an t-ádh leat gur bhuail tú liom inniu. Níl aon spéis ag mo dheartháir in Ed Sheeran agus ba mhaith liomsa a bheith ag an gceolchoirm le duine a thuigeann an ceol. Ar mhaith leat teacht liom?
- Nollaig: An bhfuil tú i ndáiríre?
- Síle: Táim lándáiríre.
- Nollaig: Ó! Go raibh míle maith agat. Mar is eol duit, d'íoslódáil mé na hamhráin go léir ón albam "Divide". Bím ag éisteacht leo an t-am go léir.
- Síle: Tá a fhios agam. Ar chuala tú na leaganacha Gaeilge de na hamhráin atá déanta ag *TG Lurgan* go fóill?
- Nollaig: Chuala. Mhúin mé cúpla ceann do na páistí i Rang a Sé an tseachtain seo caite. Bhain siad an-taitneamh astu.
- Síle: Déarfainn gur bhain. Ar aon nós, caithfimid socruithe a dhéanamh don cheolchoirm.
- Nollaig: Buailfidh mé leat roimh ré más mian leat agus beidh greim le hithe againn.
- Síle: Ar fheabhas! Cuirfidh mé bord in áirithe i mbialann gar don staidiam agus beimid in ann dinnéar a ithe roimh an gceolchoirm.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

Treasa: Comhrá 2 (Canúint Chonnacht)

Eoin: An raibh tú ag an bpictiúrlann le déanaí, a Thríona?
(Seosamh)

Tríona: Creid é nó ná creid é, bhí mé ag an bpictiúrlann aréir!
(Treasa)

Eoin: An raibh? Céard a chonaic tú?

Tríona: Chonaic mé *Three Billboards Outside Ebbing, Missouri*.

Eoin: An é sin an ceann a scríobh an scríbhneoir as Leitir Mealláin?

Tríona: Go díreach é. Martin McDonagh as Leitir Mealláin a scríobh agus a stiúir an scannán.

Eoin: Léigh mé sa nuachtán go bhfuil go leor duaiseanna bainte ag an scannán sin.

Tríona: Is fíor duit. Ghnóthaigh an script scannáin “Cruinneog Órga” anuraidh.

Eoin: Agus an bhfuil an aisteoireacht go maith ann?

Tríona: Tá. Is í Frances McDormand atá sa phríomhpháirt. Dúnmharaíodh a hiníon roimh thús an scéil agus níl sí sásta leis an bhfiosrúchán atá déanta ag na póilíní. Cuireann sí a cuid feirge leis na póilíní in iúl, go poiblí, ar thrí chlár fógraíochta lasmuigh den bhaile.

Eoin: Agus ar bhain tú taitneamh as?

Tríona: Ní déarfainn gur bhain mé taitneamh as ach is scannán maith é.

Eoin: Ón méid atá ráite agat, is cosúil go bhfuil an t-ábhar dorcha go leor.

Tríona: Tá, ach, 'bhfuil a fhios agat, tá an scannán greannmhar in áiteanna, freisin. Mholfainn duit dul chun é a fheiceáil.

Eoin: Go raibh maith agat as an gcomhairle sin. Rachaidh mé chuige ag an deireadh seachtaine! Níl tada eile le déanamh agam.

[Bleep]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

Treasa: Comhrá 3 (Canúint Uladh)

Pól: Cad é mar atá tú, a Mhoya? An ndeachaigh tú trasna na Life ar An Luas go fóill?

Moya: Chuaigh. Dé Domhnaigh seo caite fuair mé An Luas ó Chabrach go Faiche Stiabhna. Bhí sé an-áisiúil.

Pól: Agus ar thóg sé mórán ama?

Moya: Thart ar chúig bhomaite is fiche. D'fhág mé Cabrach ar a deich a chlog agus bhuail mé le mo dheirfiúr ag barr Shráid Grafton ar a leathuair tar éis a deich.

Pól: Tá sé sin i bhfad níos tapa ná an bus. Faighim an bus ó Chabrach go lár na cathrach ó am go chéile - tógann sé níos mó ná daichead bomaite de ghnáth agus bíonn se tuirsiúil go leor.

Moya: Beidh ort triail a bhaint as An Luas, a Phóil!

Pól: Beidh. An stopann sé gar do Shráid Uí Chonaill?

Moya: Stopann sé ag Cearnóg Parnell agus ag Sráid Mhaoilbhríde ar an mbealach ó dheas. Stopann sé ag Ardoifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill ar an mbealach ó thuaidh.

Pól: Tá sé sin ar dóigh.

Moya: Má bhíonn tú saor amárach, rachaidh mé isteach go lár na cathrach ar An Luas leat.

Pól: Bheadh sé sin go hiontach. Tá dearbhan agam don Ionad Siopadóireachta ar Shráid Jervis. Tig linn píosa siopadóireachta a dhéanamh.

Moya: Ba bhreá liom é sin - déanfaimid píosa siopadóireachta, ar dtús, agus ansin beidh lón againn.

[Bleep]

Pól: Foirfe! Beidh mé ag an Stop Luas i gCabrach ar a ceathrú chun a deich ar maidin.

Moya: Iontach! Tcháfidh mé ansin thú!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text] [Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceistanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na

Mumhan) Tomás:

Ba í Sinéad Burke an t-aon bhean as Éirinn a labhair ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda in Davos i mbliana.

Is múinteoir bunscoile í Sinéad a fuair a cuid oiliúna in Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath. Is “duine beag” í, mar a thugann sí uirthi féin. Tá clú bainte amach aici as an obair a dhéanann sí do dhaoine le míchumas. Teastaíonn uaithi domhan uileghabhálach a chruthú trí dhearthóirí agus trí ailtirí a spreagadh chun a bheith níos cruthaithí agus iad i mbun oibre.

Le linn a cuid cainte in Davos, labhair Sinéad faoin tábhacht a bhaineann leis an ailtireacht go háirithe agus mhínigh sí nach dtógtar foirgnimh an domhain do dhaoine beaga mar í. Labhair sí, freisin, faoin bhfaisean, agus luaigh sí go mbíonn frustrachas uirthi go mbíonn uirthi éadaí atá deartha do pháistí a chaitheamh go minic. Roinneann Sineád a taithí agus a cuid tuairimí go rialta ar *Twitter*.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat
above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Tá a chlár seachtainiúil féin, ar RTÉ Raidió a hAon, faighte ag an ggraoltóir as Gaeltacht Chonamara, Cormac Ó hEadhra. “Saturday with Cormac Ó hEadhra” an t-ainm a bheidh ar an gclár nua a chraolfar trí mheán an Bhéarla idir a haon a chlog agus a dó a chlog gach Satharn.

Tá aithne mhaith ag éisteoirí RTÉ Raidió na Gaeltachta ar Chormac ón gclár “Cormac ag a Cúig” a bhíonn ar siúl ceithre thráthnóna in aghaidh na seachtaine. Beidh Cormac fós le cloisteáil ar an gclár Gaeilge sin ó Luan go Déardaoin.

Agus é ag labhairt leis an nuachtán *Tuairisc.ie*, dúirt Ó hEadhra go raibh sé “ag súil go mór” leis an bpost nua agus go raibh sé dóchasach go mbeadh aíonna spéisiúla á gcur faoi agallamh aige gach seachtain. Dúirt sé go bhfuil sé tábhachtach lón intinne a thabhairt don lucht éisteachta.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Le cúpla bliain anuas, tá méadú mór tagtha ar líon na bpaisinéirí a théann trí Aerfort Dhún na nGall ar an gCarraig Fhinn. Is aerfort é atá suite cúig

[Bleep]

bhomaite dhéag ó Ghaoth Dobhair agus cúig bhomaite is daichead ó Leitir Ceanainn.

Téann eitiltí ó Dhún na nGall go Baile Átha Cliath dhá uair sa lá i rith na bliana go léir agus bíonn eitiltí ar fáil cúig lá sa tseachtain ón gCarraig Fhinn go Glaschú in Albain. De réir suirbhé a d’eagraigh an tseirbhís “Private Fly”, tá an t-aerfort i nDún na nGall ar cheann de na haerfoirt is pictiúrtha ar domhan le tuirlingt ann.

Agus í ag labhairt le Nuacht RTÉ aréir, dúirt Áine Ní Fhearraigh go gcuidíonn sé go mór leis an aerfort go bhfuil sé ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus ghabh sí buíochas le *Fáilte*

Éireann as grianghraif d’Aerfort Dhún na nGall a úsáid ina n-ábhar poiblíochta.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.

[Bleep]